

TUARASCÁIL FEIDHMÍOCHTA 2021

Neamhspleách
Oibiachtúil
Cuiditheach
Tiomanta don Sármhaitheas



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

Tuarascáil Feidhmíochta

Clár ábhair

BROLLACH	i
RÉAMHRÁ	1
CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	4
PRÍOMHSHONRAÍ FEIDHMÍOCHTA 2021	5
NA NITHE A SHEACHADAIMID	7
AN TIONCHAR ATÁ AGAINN	7
FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS	7
ACMHAINNÍ A CHUR AR FÁIL	7
ACMHAINN A FHORBAIRT	7
FAISNÉIS BHREISE AGUS PRÍOMHTHREOCHTAÍ, 2017 GO 2021	9
CÁILÍOCHT A CHINNTIÚ	17
TIONCHAR ÁR nOIBRE A TOMHAS	19
FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS	27
ÁR NDAOINE	29
ACMHAINN A FHORBAIRT	37
COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ	39
COTHROMAÍOCHT INSCNE	41
FREAGRACHTAÍ CORPARÁIDEACHA AGUS RANNPHÁIRTÍOCHTA	43
RANNCHUIDIÚ IDIRNÁISIÚNTA	45



SEAMUS MCCARTHY,
ARD-REACHTAIRE
CUNTAS AGUS CISTE

Is é is iniúchadh neamhspleách ar chomhlachtaí poiblí ná gné thábhachtach dá chinntiú go bhfuil cuntasacht chuí ann maidir le maoirsiú acmhainní poiblí, agus de bhonn a chur faoi iontaobh an phobail sna comhlachtaí sin. Agus muid ag druidim le comóradh céad bliain ó bunaíodh ról an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhoireann na hOifige agus buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht agus a dtiomantas leanúnach do sholáthar seirbhísí poiblí iniúcháireachta agus tuairiscithe atá tráthúil agus éifeachtach agus iad ag iarraidh fanacht neamhspleách, oibiachtúil agus cuiditheach.

Tá an-áthas orm fáiltiú roimh fhoilsiú thuarascáil feidhmíochta 2021 don Oifig. Cosúil le gach comhlacht poiblí eile, tá dualgas orainn tuairisciú go poiblí agus go trédhearcach ar an gcaoi a n-úsáidimid na hacmhainní a chuirtear ar ár n-iontaobh. Léirítear sa tuarascáil, i gcomhthéacs na ndúshlán neamhghnách agus leanúnach a eascraíonn as srianta a bhaineann leis an bpaindéim, gur éirigh le lucht bainistíochta agus foireann na hOifige soláthar seirbhísí a choinneáil, agus ag an am céanna leanúint le cultúr tacaíochta foireannbhunaithe a thógáil ag a mbeidh an cumas chun ár luachanna a choinneáil sa todhchaí, agus é seo a dhéanamh mar áit iontach le hobair ann.

Táim an-bhuíoch do Colette Drinan, mar cheann na hOifige, agus don fhoireann ar fad as an tacaíocht shármhaith leantach a thugann siad dom chun ligean dom m'fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.



COLETTE DRINAN,
RÚNAÍ AGUS STIÚRTHÓIR
INIÚCHÓIREACHTA

Bhí an timpeallacht oibriúcháin ina dúshlán in 2021 fós, agus lean an éigeandáil sláinte poiblí ar fud na bliana. Mar a tharla in 2020, b'amhlaidh, trí thiomantas ár ndaoine, soiléireacht cuspóra agus nuálaíocht, a lean an Oifig ar aghaidh ag soláthar seirbhísí iniúcháireachta gairmiúla ar ardchaighdeán ar bhonn tráthúil.

Rinneamar dul chun cinn maidir leis na huailmhianta a leagamar amach i Ráiteas Straitéise 2021-2025 a chur chun cinn.

- » Deimhníodh 97% de chuntais 2020 laistigh de naoi mí ó dheireadh na bliana airgeadais;
- » Críochnaíodh 18 scrúdú inar déileáladh le gnéithe de sholáthar seirbhíse poiblí agus leis an úsáid acmhainní poiblí;
- » D'fhreastail 188 ionadaí cliant ar an seimineár gréasáin ar léargais iniúchta, ar glacadh go han-mhaith leis;
- » Den chéad uair riamh, deimhníodh ár gcultúr san ionad oibre go seachtrach;
- » Chuireamar leis an úsáid a bhainimid as anailísíocht sonraí agus teicneolaíochtaí nua eile chun ár n-éifeachtacht fhoriomlán a fheabhsú;
- » Leanamar ag tacú le forbairt ghairmiúil ár ndaoine;
- » D'fhorbraíomar múnla nua le haghaidh oibre, ag tarraingt ar thaithí an dá bhliain seo atá caite

Bhí an t-aiseolas ónár gcliaint maidir lenár gcuid oibre in 2021 thar a bheith dearfach, agus tugadh aitheantas láidir do luach ár seirbhísí iniúcháireachta.

Baineadh na héachtaí sin amach trí chomhoibriú agus obair chrua ár ndaoine - go raibh maith agaibh go léir as bhur dtiomantas, bhur ndíograis agus bhur dtacaíocht le bliain anuas.


BROLLACH



REÁMHRÁ

RÉAMHRÁ

Sa tuarascáil seo, cuirtear príomhfhaisnéis feidhmíochta d’Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i láthair. Leagtar amach sa tuairisciú amach an fheidhmíocht in 2021 i gcomparáid le blianta roimhe sin, agus í eagraithe faoi shé théama agus ag baint úsáid as modhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla.




Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Is í an bhliain seo an chéad bhliain ar cuireadh Ráiteas Straitéise 2021-2025 chun feidhme

Is é atá sa straitéis ná trí phríomhthosaíocht agus roinnt bunstraitéisí.

Gheall an Oifig sa straitéis freisin go dtabharfadh sí tuairisc gach bliain ar a dul chun cinn maidir leis na tosaíochtaí sin a chur chun feidhme.




 Seirbhísí iniúchóireachta atá ar ardchaighdeán agus gairmiúil a sholáthar go tráthúil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta;

 Difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu, don Oireachtas agus don phobal agus;

 An Oifig a neartú le bheith ina heagraíocht eiseamláireach earnála poiblí agus ina fostóir roghnaithe do dhaoine ar mian leo gairm bheatha a shaothrú san iniúchóireacht agus ar mian leo difríocht a dhéanamh do sholáthar seirbhísí poiblí.

Tá straitéis don tréimhse 2021 go 2025 foilsithe ar ár suíomh Gréasáin. Aithnítear sa straitéis go bhfuil athrú tagtha ar an mbealach ina n-oibrímid de bharr na paindéime agus trí úsáid na teicneolaíochta, glacfaimid le hathruithe na hoibre agus an ionaid oibre, ionas go mbeidh rogha níos fearr ag ár ndaoine ó thaobh samhlacha oibre de.

NA GNÍOMHARTHA BLIANTÚLA A CUIREADH CHUN FEIDHME










PRÍOMHSHONRAÍ




NA NITHE A SHEACHADAIMID







AN TIONCHAR ATÁ AGAINN





FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS



ACMHAINNÍ A CHUR AR FÁIL



ACMHAINN A FHORBAIRT





FAISNÉIS BHREISE

FAISNÉIS

BHREISE AGUS PRÍOMHTHREOCHTAÍ, 2017 – 2021


Soláthraíonn na ranna seo a leanas eolais maidir le seachadadh, bearta tionchair agus feidhmíocht airgeadais.

Cuntais faoi réir iniúchta

Socraítear le dlí na cuntais atá le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. I líon beag cásanna, déantar iniúchtaí le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léiríonn an tábla thíos líon na gcuntas do thréimhsí cuntais a chríochnaigh sna blianta faoi seach – tá na hiniúchtaí le bheith críochnaithe an bhliain dár gcionn.

Seachadadh clár


Tá iniúchadh ar ráitis airgeadais comhlachtaí poiblí agus cur i láthair na ráiteas airgeadais sin don Oireachtas ina chuid bhunúsach dá chinntiú go mbeidh cuntasacht éifeachtach ann le haghaidh úsáid cistí poiblí



Nóta Folaíonn "a" focuicideachtaí de chuid comhlachtaí Stáit.

Líon na n-iniúchtaí a críochnaíodh

Léiríonn an graf líon na n-iniúchtaí a críochnaíodh i ngach bliain. I gcás cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais, foilsíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais de réir Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. I gcás na gcomhlachtaí poiblí atá fágtha, tá an fhreagracht as na cuntais iniúchta a leagan faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó as na cuntais a fhoilsiú ina n-ábhar don roinn rialtais nó don chomhlacht lena mbaineann.



Tráthúlacht deimhniúcháin iniúchta

Cuntais dheimhnithe

Déantar príomhtháscaire feidhmíochta na hOifige maidir le tráthúlacht iniúchta a thomhas trí thagairt do luach láimhdeachais, agus do líon na gcuntas.

Is é an príomhdhátá tagartha don Oifig ná deireadh an naoú mí tar éis dheireadh na tréimhse airgeadais. Le blianta beaga anuas, is socraithe atá sprioc críochnaithe iniúchta de 95% de réir luacha agus 70% de réir lín.




Chun tráthúlacht an iniúchta a chur chun cinn ar an iomlán, tugadh tosaíocht do chuntais ardluacha a dheimhniú níos luaithe.

■ 9 mhí
■ 6 mí
■ Sprioc 9 mí

Cuntais neamhdheimhnithe

Tá líon na n-iniúchtaí atá fós le críochnú ag deireadh gach bliana (cuntais neamhdheimhnithe) léirithe sa ghraf ar dheis. Mar thoradh ar an bpaindéim, bhí méadú beag ann ar riaráistí iniúchta ag deireadh 2020 agus 2021, i gcomparáid le blianta beaga anuas.


Foilsíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste tuarascáil ina leagtar amach na comhlachtaí sin inar tharla moill ar thuairisciú. Tá an tuarascáil is déanaí ar fáil ar ár suíomh Gréasáin (www.audit.gov.ie).



“Is é an príomhdhátá tagartha don Oifig ná deireadh an naoú mí tar éis dheireadh na tréimhse airgeadais.”

Léiríonn an graf seo a leanas próifíl dhréachtchuntais 2020 a tiolacadh lena n-iniúchadh in 2021 i gcomparáid le próifíl na gcuntas a deimhníodh in 2021. Ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí dréachtchuntais a tiolacadh lena n-iniúchadh dhá nó trí mhí tar éis dheireadh a dtréimhse chuntasaíochta. Mar thoradh air sin, faightear formhór na ndréachtchuntas faoin 31 Márta gach bliain. Chun éifeachtúlacht a cuid acmhainní a uasmhéadú, leathann an Oifig na hiniúchtaí ar fud na bliana. Tugtar tosaíocht do chuntais ardluacha. Is é an toradh a bhíonn air sin ná buaicphointí deimhniúcháin ag an marc sé mhí agus an marc naoi mí, nuair is gá na vótaí go léir a dheimhniú agus a chur faoi bhráid an Oireachtais. Bíonn na hiniúchtaí eile á gcríochnú faoi dheireadh na bliana.

PRÓIFÍL DHRÉACHTCHUNTAIS 2020 A FUARTHAS AGUS A DEIMHNÍODH IN 2021



Scrúduithe


Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste scrúduithe agus ansin tuairiscíonn sé do Dháil Éireann ar nithe a bhaineann le bainistiú agus le húsáid acmhainní poiblí. Tá tuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar bhonn le go leor d’obair an Choiste um Chuntais Phoiblí.

Socraíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste topaicí scrúdaithe bunaithe ar roinnt critéar, lena n-áirítear tábhacht an ábhair, an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ann ar fheabhsuithe ar riarachán poiblí nó an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ann ar an rannchuidiú leis na feabhsuithe sin, agus an gá atá le cuntasacht phoiblí. Is é an sprioc ná 25 tuarascáil a fhoilsiú gach bliain. Áirítear tuarascálacha sa tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí a fhoilsiú go bliantúil, nó foilsítear iad mar thuarascálacha speisialta neamhspleácha.

Is é an sprioc atá leagtha amach i ráiteas straitéise 2021 - 2025 ná líon na dtuarascálacha speisialta a fhoilsiú gach bliain a mhéadú go 10 gcinn agus díriú a leagan i 30% ar a laghad de na tuarascálacha sin ar shaincheisteanna ar fud an chórais agus/nó trasrannacha. Níor baineadh an sprioc sin amach in 2021 mar gheall ar thionchar na paindéime agus ar fholúntais foirne. Táimid ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an scéal sin in 2022.

LÍON NA dTUARASCÁLACHA A EISÍODH

Tuarascálacha speisialta Tuarascálacha ar chuntais na seirbhíse poiblí



CÁILÍOCHT A CHINNTIÚ

Tá cáilíocht ár gcuid oibre bunaithe ar dhá phríomhphrionsabal



1. Cáilíocht a leabú laistigh dár gcultúr agus dár gcleachtais laethúla, agus



2. Faireachán a dhéanamh ar cháilíocht agus gníomhú de bhun na gceachtanna atá le foghlaim.

Tá beartais agus próisis i bhfeidhm againn maidir le hearcaíocht, oiliúint, oideachas gairmiúil leanúnach, forbairt ghairmiúil leanúnach, cóid iompair, agus athbhreithnithe oibriúcháin ar obair iniúchta airgeadais agus tuarascálacha roimh fhoilsiú.

Cuimsíonn ár gcóras rialaithe cáilíochta le haghaidh iniúchadh airgeadais bearta chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht, lena n-áirítear athbhreithnithe orthu seo:

- » iniúchtaí roghnaithe le linn an iniúchta ag bainisteoir sinsearach atá neamhspleách ar an bhfoireann
- » gach iniúchadh arna dhéanamh ag gnólachtaí tráchtála ag bainisteoir sinsearach roimh dheimhniú
- » sampla d'iniúchtaí tar éis deimhniú ag athbhreithneoir seachtrach gach dhá bhliain.

Cuimsíonn ár gcóras rialaithe cáilíochta bearta le haghaidh scrúduithe chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht, lena n-áirítear:

- » athbhreithnithe ar scrúduithe roghnaithe le linn an scrúdaithe ag bainisteoir sinsearach atá neamhspleách ar an bhfoireann roimh dheimhniú
- » athbhreithnithe iarthionscadail agus ceardlanna foirne bliantúla
- » athbhreithniú tréimhsiúil ar shampla tuarascálacha ag léirmheastóir seachtrach.



“Déantar torthaí na n-athbhreithnithe sin a mheasúnú agus a chur ar áireamh i riachtanais oiliúna na hOifige”

TIONCHAR ÁRnOIBRE A THOMHAS

Torthaí iniúchtaí airgeadais

Tá dhá phríomhfhócas ag iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar ráitis airgeadais

1. cruinneas agus iomláine na ráiteas airgeadais,
2. rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a thairgeadtar sna ráitis airgeadais, agus leordhóthanacht rialachais na gcomhlachtaí poiblí, arna tuairisciú ar bhonn 'eisceachta'.

Tuairim iniúchta cháilithe

Fuair 16 thacar ráiteas airgeadais (6% de líon iomlán na gcuntas) a deimhníodh in 2021 tuairim cháilithe. Ba iad na cúiseanna a bhí leis na cáilíochtaí go léir ná saincheistanna a bhain le cuntas a thabhairt i bpinsin.

Nithe suntasacha eile

Tuairiscíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste trí eisceacht má shainaithníonn sé idirbhearta ábhartha neamhrialta (m.sh. airgead poiblí nár úsáideadh chun na gcríoch a bhí beartaithe) nó i gcás nach léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais an dóigh ar chomhlíon an comhlacht iniúchta na socruithe rialachais atá leagtha amach ina chód cleachtais rialachais.

Béim ar ábhar

Féadfar, nuair is cuí, aird a tharraingt i ndeimhniú iniúchta ar ábhar atá tábhachtach do léitheoirí chun na ráitis airgeadais a thuiscint.

TUAIRIM INIÚCHTA CHÁILITHE

Fuair 16 thacar ráiteas airgeadais (6% de líon iomlán na gcuntas) a deimhníodh in 2021 tuairim cháilithe

IS IAD SEO N
CÚISEANNA
A BHÍ LEIS SIN:

16

SHAINCHEIST A
BHAINNEANN LE
CUNTAS A THABHAIRT
I BPINSIN

IOMLÁN
16

BÉIM AR ÁBHAR

Fuair 21 tacar ráiteas airgeadais a deimhníodh in 2021 tuarascáil iniúchta ina raibh míreanna béime ar an ábhar

NA NITHE A
CUMHDAÍODH:

19

AN DÓIGH AR TUGADH
PINSIN I GCUNTAS

1

RIALUITHE
NEAMHLEORA

1

LUACHÁIL
TALÚN

IOMLÁN
21

NITHE SUNTASACHA EILE

70 ní suntasach eile tugtha faoi deara i dtuarascálacha iniúchta.

CATAGÓIRIÚ
SAINCHEISTEANNA
LENA mBAINNEANN

39

NEAMHCHOMHLÍONADH
SOLÁTHAR

2

NEAMHATHBHREITHNIÚ
NÓ ATHBHREITHNIÚ
DÉANACH AR RIALUITHE
INMHEÁNACHA

4

CÁNACHAS AGUS
FÍNEÁLACHA

17

RIALÚ LAGA

8


NÍ
CUNTASAÍOCHTA
EILE

IOMLÁN
70



LÍON NA MOLTAÍ FOILSITHE


● Ar ghlac comhlachtaí iniúchta leo ● Ar ghlac comhlachtaí iniúchta leo go páirteach



Líon na moltaí a cuireadh chun feidhme go hiomlán/go páirteach

Nóta: Tá an fhaisnéis curtha i láthair amháil R1, 2022. An t-am ceadaithe do chur chun feidhme na moltaí ag an gcomhlacht iniúchta agus próiseas bailiochtaithe OCA.

LÍON NA SAINCHEISTEANNA A ARDAÍODH LEIS AN LUCHT BAINISTÍOCHTA - CUNTAIS A DEIMHNÍODH IN 2021



Tionchar na moltaí ar scór scrúduithe

Tá moltaí sonracha sna tuarascálacha maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht feabhsaithe mar aon le freagraí an chomhlachta iniúchta.

Go ginearálta, ghlac comhlachtaí iniúchta leis na moltaí a rinneadh.

Leagtar amach sa tábla thuas líon na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha mar aon leis an gcéatadán ar ghlac comhlachtaí leo.

Nithe a ardaíodh leis an lucht bainistíochta

Chomh maith le tuarascálacha foilsithe, cuireann iniúcháireacht le luach trí chomhfhreagras iar-iniúchta a eisiúint chun cabhrú le comhlachtaí a rialú inmheánach agus a mbainistíocht a fheabhsú trí thorthaí, moltaí agus deiseanna feabhsúcháin a chur in iúl.

Léiríonn an chairt na cineálacha saincheisteanna a ardaíodh le comhlachtaí maidir leis na ráitis airgeadais a deimhníodh in 2021. Go ginearálta, baineann na hábhair dá dtagraítear sa chomhfhreagras le heasnamh ar nósanna imeachta a d'fhéadfadh na comhlachtaí a nochtadh do chaillteanas, do thuairisciú airgeadais míchruinn, do neamhchomhlíonadh nósanna imeachta cuí nó do noirm rialachais don tséirbhís phoiblí mura dtabharfaí aghaidh orthu.

TORTHAÍ AR AISEOLAS CLIAN

215

SEOLTA CHUIG 215
COMHLAHT
INIÚCHÓIREACHTA.

91%

DÚIRT 91% DE FHREAGRAITHE GO
RAIBH SIAD AN-SÁSTA/SÁSTA LE
SOILÉIRE AGUS CUIMSITHEACHT
FHIONNACHTANA AN INIÚCHTA

84%

CEAPANN 84% DE FHREAGRAITHE
GO BHFUL ÁR nDIRCHADREAMH
LE COISTÍ INIÚCHÓIREACHTA
AN-ÚSÁIDEACH/ÚSÁIDEACH GO
GINEARÁLTA

98%

LUAIGH 98% DE FHREAGRAITHE
GO BHFUL AN CAIDREAMH
OIBRE AN-CHUIDITHEACH/
CUIDITHEACH

TÁIMID AG
ÉISTEACHT

TEASTAÍONN ÓNÁR
gCLIAINT GO gCUIRFÍ
FIONNACHTANA INIÚCHTA
IN IÚL NÍOS LUAITHE AGUS
BA MHAITH LEO TUILLEADH
CINNTEACHTA MAIDIR LE
hAMLÍNTE DEIMHNIÚCHÁIN
INIÚCHTA

86%

LEAGANN 86% LUACH
'AN-ARD' NÓ 'ARD' AR AN
OBAIR TUAIRISCITHE EILE A
RINNEADH

44%

IMRÍONN OCAG RÓL I
gCUNTASÓIRÍ A SHOLÁTHAR
AR FUD NA hEARNÁLA POIBLÍ.
FOSTAÍONN 44% DE CHLIAINT
ARD-LÁIMHDEACHAIS
IARFHOSTAITHE OCAG
I RÓL A BHAINNEANN LE
hAIRGEADAS.

96%

LEAGANN 96% LUACH
'AN-ARD' NÓ 'ARD' DON OBAIR
INIÚCHÓIREACHTA AIRGEADAIS
A RINNEADH

RÁT
FREAGARHTA

65%

BHÍ COMHALTAÍ
AN FHOIREANN
INIÚCHÓIREACHTA
FÁILTEACH AGUS
AN-CHABHRACH AN
tAM AR FAD





LÉARGAIS INIÚCHTA

Is é an cuspóir atá le léargais iniúchta deiseanna foghlama do chomhlachtaí a aithint agus a chomhroinnt trí fhaisnéis a sholáthar ar shaincheistanna coitianta athfhillteacha agus ar shamplaí dea-chleachtais, arna sainaithint trínár gcuid oibre iniúchta agus tuairiscithe airgeadais.

D'ÉISTEAMAR

Mar chuid d'aiseolas bliantúil na gcliant, d'iarraamar moltaí ar thopaicí léargais iniúchta

- 28% Rialachas
- 26% Dea-chleachtas /saincheistanna coitianta
- 12% Dúshlán maidir le fabhrú vs cuntasáíocht airgid/forbairtí in iniúcháireacht agus cuntasáíocht

IMEACHTAÍ EILE

TUAIRISCÍ MAIDIR LE CLEACHTAIS A FHOILSIÚ

AONAD LÉIRMHEAS INIÚCHTA

Foilsíonn an tAonad Léargas Iniúchta tuarascálacha ina bhfuil moltaí úsáideacha nó samplaí de dhea-chleachtas is féidir a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí agus tacaíonn sé le himeachtaí dóibh siúd a bhfuil baint acu le riarachán poiblí a chomhroinneann léargais ar dhea-chleachtas ó áiteanna ar fud na hearnála poiblí. Clúdaíonn na himeachtaí topaicí amhail dea-chleachtais bhainistíochta airgeadais agus rialachas.



188 rannpháirtí ó chliant-eagraíochtaí



Dúirt 96% de na freagróirí go raibh ábharthacht an ábhair ar fheabhas nó go han-mhaith.

Deloitte.



SEIMINEÁR GRÉASÁIN

In 2021, d'óstáil an Oifig an seimineár gréasáin dar teideal 'Dúshlán atá ag Teach Chun Cinn – an méid a deir ár n-iniúchtaí faoin timpeallacht athraithe', a dhírigh ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe, ar an gcultúr corparáideach a neartú, ar sholáthar agus ar chalaíocht. Thug an seimineár gréasáin léargais ó dhearchtaí éagsúla agus glacadh go han-mhaith leis



Na topaicí a clúdaíodh - An Timpeallacht Rialaithe, Cultúr Corparáideach, Soláthar agus Bainistiú an Riosca Calaoise

“Tionscnamh luachmhar. Faisnéiseach agus praiticiúil.” “Imeacht den scoth, tráthúil agus an-ábhartha.”

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

COSTAIS AIRGEADAIS	2017 (€'000)	2018 (€'000)	2019 (€'000)	2020 (€'000)	2021 (€'000)
 Iomlán na gcostas oibriúcháin atá comhdhéanta díobh seo:	11,923	13,059	13,799	14,301	14,548
 Costais foirne	9,898	10,133	10,871	11,759	12,105
 Costais taistil	549	626	611	156	7
 Iniúchtaí ar conradh	372	959	1,088	824	1,067
 Costais eile	1,104	1,341	1,229	1,562	1,369
 Loncam: Táillí iniúchta a bailíodh	5,592	6,301	7,390	6,277	7,983
 ASC (PRD)	394	427	374	339	339
 Glanchostas Státhchiste	5,937	6,331	6,035	7,685	6,226

Déantar an Oifig a mhaoiniú ar an mbealach céanna le ranna rialtais trí phróiseas meastachán bliantúil trína gceadaíonn Dáil Éireann meastacháin ar fháltais agus ar chaiteachas gach bliain agus trína dtugann sé éifeacht reachtúil do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

Gearrtar táillí iniúchta maidir le hiniúchtaí airgeadais áirithe ar an gcuntas a dheimhniú.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach roinn ar oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, a thuairiscíonn an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthraíonn Dáil Éireann.

Déanann gnólacht neamhspleách cuntasóirí arna gceapadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntas leithreasa na hOifige. Is ionann costais phárolla agus 83% de chostas bliantúil na hOifige. Socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe rátaí pá.


Déantar iniúchtaí airgeadais roghnaithe a sheachfhoinsiú. Cuimsíonn costais eile oiliúint agus forbairt, táillí ballraíochta gairmiúla, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, lóistín, costais dlí agus obair chomhairleachta nuair a fhostaítear saíneolaithe chun tacú le hobair scrúdaithe.

ÁR nDAOINE


Leibhéal foirne

Taispeántar sa tábla meánlín na mball foirne a fhostaítear gach bliain bunaithe ar choibhéis lánaimseartha (CL). Is gnách go mbíonn an difríocht idir an líon údaraithe fostaíthe agus an meánlín fostaíthe iarbhrí gach bliain mar gheall ar aga moille idir dáta imeachtaí na foirne agus críochnú na bpróiseas earcaíochta.

Léiríonn láimhdeachas foirne gach imeacht foirne sa bhliain mar chéatadán den mheánlín fostaíthe.



AN LÍON FOIRNE MAR CHOIBHÉIS LE hACMHAINNÍ EILE A ÚSÁIDEADH




Seirbhísí a conraíodh

Déanann an Oifig iniúchtaí airgeadais roghnaithe a sheachfhoinsiú freisin mar mhodh chun freastal ar chuid den bhuaic-éileamh iniúchta agus chun deimhniú tráthúil na ráiteas airgeadais a éascú. Tá comhaontú ann le ceardchumainn foirne chun obair iniúcháireachta a sheachfhoinsiú ar feadh ocht gcoibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana ar an meán thar an tréimhse ó 2021 go 2023. Déantar gnóilachtaí a sholáthar go hiomaíoch chun tabhairt faoin obair sin.

Déantar cuntasóirí cáilithe a chonrú isteach ar bhonn gníomhaireachta ar feadh tréimhsí gearra chun bearnaí sealadacha a thagann chun cinn nuair a imíonn baill foirne bhuana a líonadh.

COSTAIS NA SEIRBHÍSÍ AR CHONRADH




ÁIT MÓR CHUN OBAIR ANN


Eisítear suirbhéanna cuisle fostaithe ar bhonn míosúil agus tá sé mar aidhm leo léargas fíor-ama a thabhairt don lucht ardbhainistíochta ar fholláine fostaithe trí sheiceáil chuisle a sholáthar ar thopaicí tábhachtacha amhail an chiantimpeallacht oibre agus cumarsáid.

Ní athraíonn na ceisteanna agus ceadaíonn sé sin folláine an fhostaí a chur i gcomparáid go díreach ó am go chéile.

TUAIRIM FHORIOMLÁN



TACAÍOCHT FHORIOMLÁN A SHOLÁTHAIR AN OIFIG



Fuaireamar deimhniú in 2021 mar Áit Lontach chun Obair ann. Cuireann ár bhfostaithe go léir leis an éiteas láidir foirne agus leis an gcultúr tacúil, cuimsitheach a n-oibrímid go crua le hé a chothabháil, go háirithe le linn na paindéime.

BUAIL LENÁR mBAILL FOIRNE



Linda Kehoe, Iniúchtaí Airgeadais



Tháinig mé chuig an Oifig mar iniúchóir faoi oiliúint i mBealtaine 2019, agus sannadh d'iniúchóireacht airgeadais mé. Bhí an iniúchóireacht agus an earnáil phoiblí nua dom agus, mar sin, ba chuar foghlama géar a bhí ann, agus táim buíoch go raibh foireann an-fháilteach agam chun mé a threorú tríd. Cháiligh mé mar chuntasóir le ACCA i mí Eanáir i mbliana agus táim ag súil go mór lena fheiceáil cad atá le teacht.



Thomas Mason, Aonad Cumarsáide

Thosaigh mé san Oifig mar Oifigeach Cléireachais in 2016. Chaith mé cúig bliana san aonad airgeadais ag obair le roinnt daoine iontacha. Faoi láthair, táim ag obair san Aonad Cumarsáide, tar éis tréimhse ghairid san Aonad Rialachais agus Dearbhaithe.

Tá an ról atá agam faoi láthair éagsúil go leor agus thug sé deis dom inniúlachtaí a fhorbairt, mo thacar scileanna a fheabhsú agus bualadh le comhghleacaithe nua. Is iad na daoine an tsócmhainn is mó atá ag an Oifig agus is dá mbarr a bhainim taitneamh as teacht chun na hoibre.



Ronan Waters, an Rannán Tuairiscithe

Ronan Waters is ainm dom agus táim i m'Iniúchóir faoi Oiliúint san Oifig ó tháinig mé isteach in 2016. Ag an am, ní raibh mé ach ag tosú ar mo scrúduithe gairmiúla a dhéanamh agus faoi láthair táim thíos go dtí mo scrúdú deiridh. In 2019, d'aistrigh mé go dtí an Stiúrthóireacht Tuairiscithe, a thug deis scileanna éagsúla a fhoghlaim agus a fhorbairt seachas na cinn a úsáidtear in iniúchóireacht airgeadais, lena n-áirítear roinnt taithí bainistíochta.



Tracey Wosser, Acmhainní Daonna

Thosaigh mé san Oifig mar iniúchóir faoi oiliúint in 2013. Tugadh ardú céime dom chuig ról an Iniúcháir an bhliain dár gcionn. Chaith mé an chuid is mó de mo bhlianta tosaigh san Oifig ag iniúchadh ranna móra rialtais.

In 2019, tugadh ardú céime dom chuig ról an Bhainisteora Iniúchta agus, tamaillín ina dhiaidh sin, rinne mé Máistreacht san Eolaíocht Eacnamaíoch agus Anailís Beartais, rud a thug deis dom léargas níos fearr a fháil ar bheartas eanála poiblí. Is é an ról atá agam faoi láthair ná Bainisteoir Acmhainní Daonna agus Foghlama agus Forbartha.



Qing Cao, Iniúchóireacht Airgeadais

Chuaigh mé isteach san Oifig mar Iniúchóir le linn na paindéime. Is as cathair Shang-hai sa tSín mé ó dhúchas. Is cosúil le m'aistear go dtí seo a bheith ag marcaoíocht ar Chóistóir Chú Chulainn, tá an chuma ar an scéal nach dtiocfaidh deireadh leis an sult agus an spleodar choíche. Tá foireann iontach agam le bheith ag obair léi agus táim an-tógtha le háitreabh deas oifige OCAg agus le gairmiúlacht na foirne ina gcuid oibre.



Olayinka Akinkuolie, an Earnáil Comhlachtaí Leath-Stáit

Chuaigh mé isteach in OCAg in Aibreán 2018 mar iniúchóir faoi oiliúint. Táim sannta don fhoireann sláinte ó chuaigh mé isteach san Oifig. D'éirigh liom i mo scrúdú deiridh le ACCA i Meán Fómhair 2020 agus fuair mé ardú céime chuig ról an Iniúcháir in 2021. Ba mhór an dúshlán a bhí ann oibriú agus staidéar a dhéanamh, go háirithe agus mé ag obair in áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

COVID

- 19 

In 2021, lean an Oifig de bheith ina heagraíocht cianoibre den chuid is mó. Tá fócas leanúnach á leagan ar réimsí amhail cibearshlándáil, cosaint sonraí, cumarsáid inmheánach, agus béim á leagan ar chultúr agus luachanna, agus bearta a bhaineann le rannpháirtíocht foirne agus folláine foirne.

Leanadh le suirbhéanna foirne a tugadh isteach go luath sa phaindéim chun meon na foirne a rianú ar fud 2021. Bhí beartais agus nósanna imeachta láidre bainistíochta faisnéise i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar an riosca méadaithe a eascraíonn as rochtain leanúnach le linn cianoibre ar thaifid ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí, rud a theastaíonn chun sainordú na hOifige a chomhlíonadh.

Breithníodh rioscaí sonracha a eascraíonn as an timpeallacht cianoibre agus maolú cuí ag cruinnithe de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca agus an Choiste Iniúchóireachta araon. Ina theannta sin, rinne an rannóg iniúchóireachta inmheánaí measúnú ar rialuithe airgeadais. Fuarthas amach ansin go raibh na rialuithe ag feidhmiú go sásúil.

Aithnítear i ráiteas straitéise na hOifige don tréimhse ó 2021 go 2025 go bhfuil athrú tagtha ar an mbealach ina n-oibrímid de bharr na paindéime agus gur chuir sí dlús le méadú ar chianobair. Fógraíodh múnla píolótach hibrídeach oibre in 2021, a bheidh ar fáil don fhoireann ar fad.

SUIRBHÉ AR RANNPHÁIRTÍOCHT FOSTAITHE NA STÁTSEIRBHÍSE

In 2020, reáchtáladh Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse (CSEES), agus foilsíodh na torthaí go luath in 2021. Baineann spiorad an tsuirbhé le rannpháirtíocht fostaithe agus le saol oibre státseirbhíseach a fheabhsú.

SEO IAD ÁR bPRÍOMHSCÓIR ■ AN STÁTSEIRBHÍS INA HIOMLÁINE ■ OCAG



RANNPHÁIRTÍOCHT FOSTAITHE



Rannpháirtíocht Fostaithe - tomhaiseann sé an fuinneamh, an bhaint agus an sásamh a bhíonn ag státseirbhísigh lena gcuid oibre.



TIOMANTAS



Tiomantas don Eagraíocht - tomhaiseann sé an leibhéal ceangail atá ag státseirbhísigh leis an Roinn/an Oifig dá n-oibríonn siad.



FIÚNTAS



Fiúntas - tomhaiseann sé a mhéid a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil luach, brí agus cuspóir ag a gcuid oibre.



FORBAIRT GAIRME



Forbairt Gairme agus Soghluaisteacht - tomhaiseann sé a mhéid a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil dóthain deiseanna ann le haghaidh forbairt gairme, foghlama, soghluaisteachta agus ardú céime.



CEANNAIREACHT



Ceannaireacht - tomhaiseann sé na tuairimí atá ag státseirbhísigh faoi cháilíocht agus éifeachtacht na Ceannaireachta sa Státseirbhís. Tomhaiseann sé freisin tuairimí maidir le cinnteoireacht, fíis, luachanna agus cumarsáid.



FOGHLAIM AGUS FORBAIRT



Foghlaim agus Forbairt - tomhaiseann sé a mhéid a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil deiseanna dóthanacha agus éifeachtacha acu le haghaidh Foghlama agus Forbartha.

ACMHAINN A FHORBAIRT

Foghlaim agus forbairt


Is cuntasóirí cáilithe iad gach bainisteoir a oibríonn ar iniúchtaí airgeadais – cuimsíonn foirne iniúcháireachta meascán de chuntasóirí cáilithe agus de chuntasóirí faoi oiliúint.

Tá ár mbeartais agus ár nósanna imeachta pearsanra deartha chun a chinntiú go bhfuil dóthain foirne againn a bhfuil na cumais, an inniúlacht agus an tiomantas do phrionsabail eiticiúla acu, ar nithe iad atá riachtanach chun scrúduithe a dhéanamh agus chun iniúchtaí a dhéanamh de réir caighdeáin ghairmiúla.

Cuirtear tacaíocht airgeadais le haghaidh cúrsaí agus scrúduithe ar fáil do bhaill foirne atá ag gabháil do cháilíochtaí iarchéime agus do bhaill foirne atá ag gabháil do cháilíochtaí gairmiúla cuntasáíochta.

Ina theannta sin, glacann ár bhfoireann páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla oideachais, oiliúna agus forbartha a bhfuil sonraí fúthu leagtha amach sa ghraf ar dheis.

AM A LEITHDHÁILTEAR AR AN bhFOGHLAIM AGUS AN FHORBAIRT



Clare McPartlan

Ba mhór an chabhair an tsaoire staidéir a chuir an Oifig ar fáil, mar aon leis an rogha chun am solúbtha breise a ghlacadh chun staidéir a dhéanamh. D'eagraigh an Oifig cainteanna éagsúla agus oiliúint éagsúil, ó ACCA nó ó na scoileanna cuntasáíochta mar shampla, agus bhí siad sin an-fhaisnéiseach.



Michael O'Connor

Michael O'Connor Thacaigh an oifig liom le saoire staidéir agus le saoire scrúdaithe araon agus thug sí an deis dom páirt a ghlacadh i ngach réimse cuntais agus bualadh le gairmithe eile ar m'aisteir. Chuir an deis sin ar mo chumas mo chuid foghlama praiticiúla a chur isteach i mo scrúduithe. Táim bródúil as a bheith ag obair san Oifig agus tugann sé fíorshásamh poist t dom go bhfuil a fhios agam go bhfuilim ag cuidiú le difríocht a dhéanamh.



Amy Carolan

Thaigh an Oifig an-tacaíocht dom agus mé ag críochnú mo scrúduithe. Bhí sé thar cionn an oiread sin comhghleacaithe a bheith agam a bhí ag déanamh ACCA agus go bhféadfaimis leideanna agus comhairle a chomhroinnt. Bhí Bainisteoir Iniúcháireachta den scoth agam freisin a thug tacaíocht agus solúbthacht iontach, chomh maith leis an rannóg acmhainní daonna, a bhí ar fáil i gcónaí chun aon cheisteanna a bhí agam a fhreagairt.



Adrian Butler

Chríochnaigh mé na scrúduithe FAE sa Chuntasáíocht Chairte i samhradh na bliana 2021. Chuir an Oifig saoire mhaith staidéir agus scrúdaithe ar fáil chuige sin. Bhain mé leas freisin as an mbliain oibre níos giorra mar is suntasach atá an t-ualach oibre agus an t-ábhar le clúdach don FAE. Chuir an Oifig UD ainmnithe ar fáil dom chun athbhreithniú agus síniú a dhéanamh ar na hiontrálacha sa dialann oiliúna, rud a theastaíonn chun an cháilíocht fhoirmiúil a chríochnú.

BAILL FOIRNE NUA

2017:	24		
2018:	35		
2019:	33		
2020:	13		
2021:	11		

“Cuirtear tacaíocht airgeadais le haghaidh cúrsaí agus scrúduithe ar fáil do bhaill foirne atá ag gabháil do cháilíochtaí iarchéime agus do bhaill foirne atá ag gabháil do cháilíochtaí gairmiúla cuntasáíochta.”



Mic léinn Ó Ollscoil Luimnigh

Is é is Clár Comharoideachais Ollscoil Luimnigh ann ná tionscnamh ar thacaíomar leis agus ar bhaineamar leas as le blianta fada anuas. Gach bliain, tagann roinnt mac léinn i mbliain a trí dá gcéim isteach san oifig ar feadh tréimhse 8 mí. Tugann sé sin deis do na mic léinn taithí luachmhar ar an láthair oibre a fháil in ionad oibre éagsúil dinimiciúil, agus a n-iarrachtaí acadúla a gcomhlánú ag an am céanna. Cuidíonn an léargas a fhaightear ar fheidhmiú an ionaid oibre leo an t-eolas agus na hinniúlachtaí atá mar chuid dá staidéir céime a fhorbairt agus a úsáid.

In 2021, ghlacamar le naonúr mac léinn a d'obair inár rannóg iniúcháireachta airgeadais, mac léinn amháin a d'obair inár n-aonad cumarsáide agus mac léinn amháin a d'obair inár n-aonad TFC. Tá sé beartaithe againn an tionscnamh seo a leathnú chun roinnt institiúidí oideachais eile a chur ar áireamh in 2022.



Teicneoirí Cuntasáíochta na hÉireann

In 2021, chuir an Oifig fáilte roimh thríur teicneoirí cuntasáíochta mar chuid de chlár printíseachta dhá bhliain a chomhcheanglaíonn obair agus staidéir. Mar chuid den chomhoibriú nua sin, thug an Oifig cur i láthair ar léirshamlú sonraí ag comhdháil bhliantúil Theicneoirí Cuntasáíochta Éireann.

COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT & CUIMSIÚ

Tugann ár ndaoine raon scileanna, buanna, smaointeoireachta éagsúla agus taithí dearfaí chuig an Oifig. Inár ráiteas éagsúlachta, geallaimid go ndéanfaimid cothabháil ar thimpeallacht dhearfach ina mothaíonn gach ball foirne go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad curtha ar áireamh. Tá ár Ráiteas um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú ar fáil ag www.audit.gov.ie.

Aithnítear inár Ráiteas Straitéise reatha ár gcuispóir leanúnach chun ionad oibre cuimsitheach ilghnéitheach a bheith againn, le meas ar chearta daonna agus comhionannas ár ndaoine.

Oibrímid faoi bheartais agus nósanna imeachta, a gcuirtear ar áireamh iontu gach riachtanas reachtúil maidir leis an reachtaíocht um chomhionannas, míchumas agus cearta an duine, lena n-áirítear earcaíocht agus ardú céime.

Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le hinrochtaineacht dóibh siúd ar mian leo rochtain a fháil ar ár suíomh Gréasáin agus go bhfuil bogearraí inrochtaineachta ar fáil lena gcuirtear ar chumas raon níos leithne daoine rochtain a fháil ar ár n-inneachar ar bhealach a chuireann a riachtanais aonair san áireamh.

CEARDLANNA NÉAR-ÉAGSÚLACHTA

In 2021, sholáthair an Oifig, ag obair di i gcomhar leis an Oifig Iniúcháireachta Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe, trí cheardlann néar-éagsúlachta.

Ba é príomhchuspóir na gceardlann ná cabhrú le daoine tuiscint a fháil ar conas atá an saol nuair atá riocht néar-éagsúlachta ar dhuine agus cad is féidir le gach duine a dhéanamh chun cur le hionad oibre níos cuimsithí do chách.

Ghlac an lucht freastail go mór leis na ceardlanna. Mheas siad go raibh siad léirsteanach agus faisnéiseach. Tá sé beartaithe againn tógáil ar an tionscnamh sin amach anseo.

BRÓD


Bhunaigh ár ndaoine grúpa fostaithe agus comhghuaillithe LADTI+ oifige darb ainm Bród, rud a chiallaíonn mórtas sa Ghaeilge.

Bunaíodh Bród chun tacaíocht a thairiscint dár gcomhghleacaithe agus comhghuaillithe LADTI+, agus chun cultúr méadaitheach éagsúil na hOifige a chothú. Is é an aidhm atá leis cur le cultúr agus timpeallacht na hOifige trí chur leis na cláir folláine agus cúnaimh d'fhostaithe atá i bhfeidhm faoi láthair agus dul i dteagmháil le líonraí fostaithe eile idirnáisiúnta agus náisiúnta sibhialta agus poiblí LADTI+.

Ó shin i leith, tá caidreamh oibre comhoibríoch bunaithe ag Bród le Spectrum (Líonra Iniúchta LADTI+ na Breataine Bige) le linn 2021 chun a fháil amach conas is féidir le líonra LADTI+ forbairt in oifig iniúcháireachta náisiúnta. I gcomhar leis an gClub Spóirt agus Sóisialta, d'óstáil Bród oíche Biongó agus tráth na gceist ar line i Meitheamh 2021 chun Bród na nAerach a cheiliúradh. Bhí an ócáid oscailte don oifig ar fad le bheith rannpháirteach agus d'éirigh thar barr léi. Tá súil ag Bród ócáid 2022 a réachtáil i bpearsa nuair a fhilleann an fhoireann ar an oifig.




COTHROMAÍOCHT INSCNE



Taispeánann an graf ar an gcéad leathanach eile an miondealú inscne ag gach ceann de na príomhghráid san Oifig. Déantar gach ardú céime de bhun próisis iomaíocha.

Ar an iomlán, tá cóimheas 50:50 d’fhostaithe baineanna le fostaithe fireanna. Ag an dá leibhéal níos sinsearaí, is é an cóimheas idir mná agus fir ná 56:44.


Ag deireadh 2021, bhí 7% d’fhostaithe baineanna ag obair faoi chonarthaí uaireanta laghdaithe (comhroinnt poist, saoire do thuismitheoirí, bliain oibre níos giorra etc.). Bhí 1% d’fhostaithe fireanna ag obair ar chonarthaí uaireanta laghdaithe.



Tugtar luach saothair do gach ball foirne ar bhonn scálaí incriminteacha tuarastail do gach grád. Níl aon íocaíochtaí bónais ann.

Don tríú bliain as a chéile, ní raibh aon bhearna pá inscne ann san Oifig. Ar an meán thar gach grád do 2021, íocadh fostaithe baineanna 0% níos mó in aghaidh na n-uaireanta conartha ná fostaithe fireanna. Measaimid go bhfuil bearna dhifreálach pá níos lú ná 2% cothrom. Tá sé sin fabhrach i gcomparáid leis an mbearna pá inscne in Éirinn ar fhoilsigh Eurostat í i mí an Mhárta 2022 agus inar tuairiscíodh gur íocadh mná 11.3% níos lú ná fir.

Miondealú de réir Inscne



FREAGRACHTAÍ CORPARÁIDEACHA AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

Íocaíochtaí pras

Comhlíonann an Oifig an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Foilsítear ár dtuairisceáin um íoc pras ar ár suíomh Gréasáin ar bhonn ráithiúil.

Fuinneamh


Shocraigh an Rialtas sprioc chun éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a fheabhsú faoi 33% faoi 2020. Déantar ár bhfeidhmíocht maidir leis an sprioc sin a bhaint amach a thomhas i gcoibhneas leis an líon foirne atá fostaithe (coibhéisí lánaimseartha). Faoi bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021, ní mór don earnáil phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoi 2030. Tá an creat faireacháin agus tuairiscithe don tréimhse go dtí 2030 á nuashonrú ag Udarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoi láthair.

Léiríonn an graf gurb amhlaidh, in 2021, a bhí éifeachtúlacht fuinnimh 49.3% níos fearr ná an bhonnlíne (a socraíodh in 2009) agus 29% níos fearr ná an ‘chonair faoileoireachta’ sprice. Tá sprioc na hOifige á ríomh ar bhonn ‘conaire faoileoireachta’ leanúnaí d’fheabhsú éifeachtúlachta ó bhí an bhliain 2009 ann. Úsáideann an Oifig córas tomhais fuinnimh a ligeann dúinn anailís níos mine a dhéanamh ar ár n-úsáid leictreachais agus réimsí ina bhfuil deiseanna breise coigilte fuinnimh ann a shainaithint.

Nóta: Taispeántar na figiúirí in KWh in aghaidh na coibhéise lánaimseartha. Glacann an Oifig páirt i gcóras ar líne Udarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun críche ár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú. Cuireann SEAI fachtóir coibhinsiúin i bhfeidhm chun tionchar comhshaoil na gcineálacha eagsúla fuinnimh a chur san áireamh.

Tá figiúirí fuinnimh 2021 bunaithe ar léamha fuinnimh a thuairiscigh an soláthraí fuinnimh don Oifig. Tá figiúirí na bliana roimhe ar fáil ó SEAI tráth na tuarascála seo.

ÚSÁID FUINNIMH IN AGHAIDH AN BHAILL FOIRNE



Acht na dTeangacha Oifigiúla Nochtadh

Cuireadh tús le Scéim Teanga na hOifige, mar a cheanglaítear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, le héifeacht ó Mhárta 2018 agus tá sí ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige (www.audit.gov.ie). Ag teacht le forálacha an Achta, éilíonn an scéim go bhfoilseofar doiciméid áirithe i mBéarla agus i nGaeilge ag an am céanna. Tá an Oifig tiomanta do 100% de spriocdhoiciméid a fhoilsiú go comhuaineach.

In 2021, foilsíodh gach foilseachán corparáideach go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

Mar gheall ar an bhfráma ama reachtúil daingean nach mór iniúchtaí a dhéanamh ar chuntais leithreasa laistigh de, ba dhúshlánach é na cuntais dheimhnithe agus aon tuarascálacha ar ábhair a d’eascair as na hiniúchtaí sin a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga.

Bhí gach ceann de na cuntais leithreasa don bhliain 2020 a foilsíodh an 30 Meán Fómhair 2021 ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar lá an fhoilsithe. Foilsíodh 17 gcaibidil i dTuarascáil 2020 ar na Cuntais i mBéarla an 30 Meán Fómhair 2021, agus bhí 12 cinn acu ar fáil i nGaeilge. Foilsíodh na cúig chaibidil eile i nGaeilge taobh istigh de sheachtain.

D’fhoilsigh an Oifig Scéim Teanga nuashonraithe in 2021 a chlúdaigh an tréimhse suas go dtí 2024. Áirítear leis an Scéim feabhsuithe ar ár ngealltanais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, amhail méadú ar leibhéal na seirbhíse trí Ghaeilge.

“In 2021, bhí 15 nochtadh san iomlán, agus rinneadh seacht gcinn acu ar bhonn anaithnid. Tá treoir maidir le conas nochtadh cosanta a dhéanamh le fáil ar ár suíomh Gréasáin ag www.audit.gov.ie.”



ÁR RANNUHUIÚ IDIRNÁISIÚNTA

Ag leanúint lenár mballraíocht ceithre bliana de bhord iniúcháireachta Eurocontrol (eagraíocht idir-rialtasach atá freagrach as oibríochtaí aerthráchta atá sábháilte, éifeachtach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a sholáthar ar fud na hEorpa) agus a bheith inár gcathaoirleach ar an mbord sin ón 1 Iúil 2019 i leith



Rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta roghnaithe d'iniúcháireacht phoiblí san Eoraip agus ar fud an domhain, lena n-áirítear ballraíocht d'Fhochoiste Iniúcháireachta Airgeadais agus Cuntasaíochta INTOSAI agus d'Fhochoiste Iniúcháireachta Feidhmíochta INTOSAI



Beirt iniúcháirí a thabhairt ar iasacht do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa mar Shaineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (SNEEnna). Tugann SNEEnna a dtáithí náisiúnta chuig an gCúirt ach freisin tógann siad ar ais eolas a fuarthas le linn a n-iasachta ar fhilleadh dóibh.



Breathnóir ar an bhFóram Iniúcháireachta Poiblí. Tugann an Fóram Iniúcháireachta Poiblí eagraíochtaí iniúcháireachta poiblí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann le chéile chun béim a leagan ar smaointeoireacht fhorbraíochta faoin iniúcháireacht phoiblí.



Comhalta den Choiste Teagmhála. Tá an Coiste Teagmhála comhdhéanta de Cheannairí Institiúidí Iniúcháireachta Uachtaracha (SAInna) an Aontais Eorpaigh agus de Chúirt Iniúcháirí na hEorpa.



Ceapadh é ar Choiste Comhairleach Iniúcháireachta agus Meastóireachta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) i mí Lúnasa 2020. Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é ICAO chun tacú le taidhleoireacht agus comhar san aeriompar.



Bainisteoir Iniúcháireachta a thabhairt ar iasacht do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa ar feadh tréimhse ceithre bliana, agus é ag obair go díreach ar thuarascáil bhliantúil na Cúirte

Chuir tionchar na paindéime srian ar óstáil na dtoscaireachtaí idirnáisiúnta agus ar rannpháirtíocht i gcláir mhalartaithe.



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General





Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General



I gcomhpháirt le:

